# Lady Betty

## Trína Súile



**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Elizabeth Sugrue. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Seiftiúil | Duine glic, cliste atá in ann an lámh in uachtar a fháil ar dhaoine eile |
| Daortha chun báis | Curtha chun báis |
| Básádóir baineann | Bean a bhfuil sé mar phost aici daoine a chur chun báis |
| Feirmeoirí tionónta | Feirmeoirí beaga, bochta nár leo an talamh a shaothraigh siad |
| Teach lóistín | Teach ina bhfanann daoine i seomra sa teach ar feadh tréimhse áirithe ar chostas faoi leith |
| Saol suarach | Saol an-deacair go deo |
| Seiftiúil | Duine glic, cliste atá in ann an lámh in uachtar a fháil ar dhaoine eile |
| Daortha chun báis | Curtha chun báis |
| Básádóir baineann | Bean a bhfuil sé mar phost aici daoine a chur chun báis |

# Lady Betty

## Trína Súile

**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| Ba as teaghlach bocht i gcontae Ros Comáin d'Elizabeth Sugrue | B |
| Rugadh Elizabeth san ochtú haois déag | |
| D'éirigh le hElizabeth éalú ón mbás ag an nóiméad deireanach | |
| Bhí saol breá, bog ag Elizabeth Sugrue | |
| Siar san ochtú haois déag nuair a bhíodh crochadh poiblí ar siúl ní thagadh aon duine go dtí an crochadh | |
| D'oibrigh Elizabeth ar feadh na mblianta fada mar chrochadóir i bPríosún Ros Comáin | |
| Bhí an-chuid crochadóirí baineann in Éirinn san ochtú haois déag | |
| Mhair cáil Lady Betty i gcuimhne na ndaoine i bhfad tar éis a báis | |
| Cailleadh a fear céile agus é óg | |
| Mharaigh Elizabeth a hiníon féin trí thimpiste | |
| Thairg Elizabeth d'údaráis Phríosún Ros Comáin go mbeadh sí ina básadóir oifigiúil dóibh as sin amach | |

# Lady Betty


## Trína Súile

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Bhí saol thar a bheith deacair agus** | Ní raibh aon chrochadóir ann |
| Ba í Elizabeth an chéad | **Cruálach ag Elizabeth Sugrue** |
| Nuair a bhí sí le crochadh as a mac féin a mharú | Ros Comáin roimpi |
| Chaith sí blianta fada mar bhásadóir baineann i | Ba ea tuismitheoirí Elizabeth |
| Bhíodh eagla ar mhuintir | Ar a mac |
| Feirmeoirí tionónta i gCiarraí | Chiarraí go Ros Comáin nuair a cailleadh a fear céile |
| Thaistil Elizabeth agus a páistí de shiúl na gcos ó | Bhásadóir baineann in Éirinn |
| Chuir sí oideachas | Gur máthair fhuarchroíoch agus chruálach a bhí inti |
| Ceaptar gur éalaigh mac Elizabeth uaithi agus é 16 bliana d'aois toisc | Nuair a thuig sí gur mharaigh sí a mac féin |
| D'imigh sí le báiní | BPríosún Ros Comáin |

# Lady Betty

## Trína Súile



**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar Lady Betty .**

Protastúnach, feirmeoirí tionónta, Péindlíthe, ar cíos, páistí, ceann tuí, díshealbhú, scríobh

Bhí saol lán de chruatan ag _________ ____________ in Éirinn san ochtú haois déag. Bhíodh cónaí orthu go minic i mbothán beag ________ ____. D'oibrigh na feirmeoirí ó cheann ceann an lae agus chuirtí na ________ ag obair ar an bhfeirm ag aois an-óg. Is beag duine san aicme seo a raibh léamh agus _________ acu. Bhí an talamh a bhí á shaothrú ag na feirmeoirí tionónta __ ________ acu ó thiarna talún. Níos minice ná a mhalairt, ____________a bhí sa tiarna talún. Lorgaíodh an tiarna talún sin cíos ón bhfeirmeoir tionónta agus mura n-íocadh an feirmeoir an cíos bheadh an baol ann go ndéanfaí ____________air. Bhí na Péindlíthe i bhfeidhm in Éirinn i rith an chéid seo chomh maith. Dlíthe frith-Chaitliceacha a bhí sna ___________agus rinne siad an saol níos deacra fós d'fhormhór mór de mhuintir na hÉireann.

**Anois, breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoi Elizabeth Sugrue.**


1)______________________________________________


2)______________________________________________

3)______________________________________________

4)______________________________________________

5)______________________________________________






# Lady Betty

## Trína Súile

**Taighde:**

**Déan taighde ar líne más gá agus déan cur síos gairid ar an saghas saoil a bhí ann sa phríosún in Éirinn san ochtú haois déag. Is leor cúig abairt a scríobh.**



# Lady Betty

## Na Freagraí

1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Bréagach
5. Bréagach
6. Fíor
7. Bréagach
8. Fíor
9. Fíor
10. Bréagach
11. Fíor

1. Bhí saol thar a bheith deacair agus cruálach ag Elizabeth Sugrue.
2. Ba í Elizabeth an chéad bhásadóir baineann in Éirinn.
3. Nuair a bhí sí le crochadh as a mac féin a mharú, ní raibh aon chrochadóir ann
4. Chaith sí blianta fada mar bhásadóir baineann i bpríosún Ros Comáin.
5. Bhíodh eagla ar mhuintir Ros Comáin roimpi.
6. Feirmeoirí tionónta i gCiarraí ba ea tuismitheoirí Elizabeth.
7. Thaistil Elizabeth agus a páistí de shiúl na gcos ó Chiarraí go Ros Comáin nuair a cailleadh a fear céile.
8. Chuir sí oideachas ar a mac.
9. Ceaptar gur éalaigh mac Elizabeth uaithi agus é 16 bliana d'aois toisc gur máthair fhuarchroíoch agus chruálach a bhí inti.
10. D'imigh sí le báiní nuair a thuig sí gur mharaigh sí a mac féin.

# Lady Betty

## Na Freagraí

Bhí saol lán de chruatan ag feirmeoirí tionónta in Éirinn san ochtú haois déag. Bhíodh cónaí orthu go minic i mbothán beag ceann tuí. D'oibrigh na feirmeoirí ó cheann ceann an lae agus chuirtí na páistí ag obair ar an bhfeirm ag aois an-óg. Is beag duine san aicme seo a raibh léamh agus scríobh acu. Bhí an talamh a bhí á shaothrú ag na feirmeoirí tionónta ar cíos acu ó thiarna talún. Níos minice ná a mhalairt, Protastúnach a bhí sa tiarna talún. Lorgaíodh an tiarna talún sin cíos ón bhfeirmeoir tionónta agus mura n-íocadh an feirmeoir an cíos bheadh an baol ann go ndéanfaí díshealbhú air. Bhí na Péindlíthe i bhfeidhm in Éirinn i rith an chéid seo chomh maith. Dlíthe frith-Chaitliceacha a bhí sna Péindlíthe agus rinne siad an saol níos deacra fós d'fhormhór mór de mhuintir na hÉireann.

